# RABHADH

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfear marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

| |
|---|
| |

**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2016**

# TÍREOLAÍOCHT – GNÁTHLEIBHÉAL

# ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE 10 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 - 11.30**

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ SEO AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de cheithre cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Mura gcuireann tú, caillfear marcanna.

**1. SCREAMH AN DOMHAIN**

Taispeánann an fótagraf seo filleadh sna Sléibhte Creagacha.

Foirmítear fillsléibhte:



Curtha in oiriúint ó www.blogs,agu.org

Nuair a ghluaiseann plátaí óna chéile ☐

Nuair a bhuaileann plátaí lena chéile ☐

Nuair a tharlaíonn sciorradh talún ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**2. BOLCÁIN**

Nuair a phléascann bolcán, is é a thugtar ar an ábhar te, leáite a shreabhann ó chráitéar an bholcáin ná:

Gluaiseacht ilchríochach ☐

Moiréan ☐

Laibhe ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 3. CARRAIGEACHA




Féach ar an fótagraf thuas.

Is sampla de Bhruthcharraig a foirmíodh nuair a d'fhuaraigh laibhe go mear ar dhromchla an domhain é(í):

Aolchloch ☐

Grianchloichít ☐

Basalt ☐

Eibhear ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 4. UISCE

Taispeánann an fótagraf scéim uiscithe.

Is é is brí le huisciú ná:




Uisce a dhraenáil ó thalamh fhliuch. ☐

Míntíriú a dhéanamh ar thalamh faoi uisce. ☐

Uisce a thabhairt go dtí talamh thirim. ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 5. OLLGHLUAISEACHT

Taispeánann an fótagraf seo screathan
i gContae Chill Mhantáin.


Curtha in oiriúint ó www.wikimedia.org


Gluaiseann ábhar síonchaite (ithreacha, clocha, láib, etc.) le fána:

| | |
|---|---|
| Faoi thionchar domhantarraingthe | ☐ |
| Faoi thionchar fuinneamh gréine | ☐ |
| Faoi thionchar triomaigh | ☐ |
| Faoi thionchar creimthe | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 6. AIBHNEACHA

Is é a thugtar ar an tírghné a bhaineann le creimeadh abhann san fhótagraf seo ná:



Curtha in oiriúint ó www.powerscourt.com

| | |
|---|---|
| Lúb | ☐ |
| Eas | ☐ |
| Deilt | ☐ |
| Speir chomhthrasnach | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**7.** **FREAGAIR 7A NÓ 7B**

**7A.** **OIGHRIÚ**



Curtha in oiriúint ó www.wikimedia.org

Taispeánann an fótagraf seo cnoc beag maolaithe a foirmíodh as cré bholláin a ndearna oighearshruth í a shil-leagan.

Is é a thugtar ar an gcnoc seo ná:

Carraig chorr ☐

Droimnín ☐


Moiréan ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**7B.** **CÓSTAÍ**

Is é a thugtar ar an tírghné chósta a bhaineann le sil-leagan agus atá lipéadaithe **X** ná:



Curtha in oiriúint ó Scoilnet Maps

Tambaló ☐

Gob gainimh ☐

Murlach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

8. **FREAGAIR 8A NÓ 8B**

**8A. GAOTHA AN DOMHAIN**

Is é a thugtar ar an ngaoth is coitianta a shéideann in áit ná:

Coriolis ☐

Gnáthghaoth ☐

Feachtaí ☐


Domhanleithí ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**8B. CINEÁLACHA AERÁIDE**

Cén cineál aeráide a bhfuil an fásra, an fiadhúlra agus an talamh shíorshioctha sa phictiúr seo mar thoradh air?




Bóireach ☐

Teomheasartha aigéanach ☐

Meánchriosach ☐


Gaineamhlach te ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 9. FREAGAIR 9A NÓ 9B

### 9A. AN STÁISIÚN AIMSIRE

Is é atá san uirlis aimsire a thaispeántar sa phictiúr seo ná:



Curtha in oiriúint ó www.wikihow.com

Baraiméadar ☐

Méadar báistí ☐


Ainéimiméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## NÓ

### 9B. CÓRAIS AIMSIRE

Is é a thugtar ar an bhfronta atá ag cósta thiar na hÉireann ná:




Fronta fuar ☐


Fronta te ☐

Fronta oclúidithe ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 10. FREAGAIR 10A NÓ 10B

### 10A. TIMTHRIALL AN UISCE




Féach ar an léaráid thuas.

An próiseas atá ag tarlú ag **X** ná:

Galú ☐

Fairsingiú fásaigh ☐

Báisteach aigéadach ☐

Imirce ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

### 10B. FAD AR LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An fad ina chiliméadair ar feadh an bhóthair an N5 ó **M 040 849** go dtí an t-acomhal leis an mbóthar den Tríú Grád ag **M 008 848** ná:

6.4 ciliméadar ☐

2.6 ciliméadar ☐

3.2 ciliméadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 11. DAOINE AG GLUAISEACHT




Taispeánann an léaráid thuas Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann ag teacht i gcabhair ar imircigh sa Mheánmhuir in 2015 agus cuid de na cúiseanna gur fhág na daoine seo a dtíortha dúchais.

Is é a thugtar ar na cúiseanna seo ná:

Tosca tarraingthe ☐

Tosca brú ☐

Baic ar imirce ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 12. AERFÓTAGRAF

Féach ar an aerfótagraf de Chathair na Mart a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tá séipéal suite:

Sa tulra ar clé ☐

Sa chúlra ar clé ☐

Sa chúlra ar dheis ☐

Sa tulra láir ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**13.** **STAITISTICÍ SA TÍREOLAÍOCHT**

Féach ar an gcairt thall.
Taispeánann sí céatadán (%) na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa in Éirinn.


An céatadán d'astaíochtaí gás ceaptha teasa ón talmhaíocht, lipéadaithe **X**, ná:

24% ☐

32% ☐

43% ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.




**14.** **GNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**


Curtha in oiriúint ó www.assets.inhabitat.com

Iascaire


Curtha in oiriúint ó www.motoringexposure.com

Oibrí Monarchan



Curtha in oiriúint ó www.westernpeople.ie

Garda

Cé acu ceann díobh seo a leanas ar sampla d'oibrí é(í) i ngníomhaíocht gheilleagrach **thánaisteach**?

Iascaire ☐


Oibrí monarchan ☐

Garda ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 15. NAISC CHUMARSÁIDE

Taispeánann an léarscáil seo cuid de ghréasán iarnróid na Fraince.
Dá dtaistealófá ó Pháras go Lyon, cén treo ina mbeifeá ag taisteal?




Ón Iar-Thuaisceart go dtí an tOir-Dheisceart ☐

Ón Oir-Dheisceart go dtí an tIar-Thuaisceart ☐

Ón Oir-Thuaisceart go dtí an tIar-Dheisceart ☐

Ón Iar-Dheisceart go dtí an tOir-Thuaisceart ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 16. TAGAIRTÍ EANGAÍ

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An airde a thaispeánann an spotairde ar Inis Raithir (*Inishraher*) ag an tagairt eangaí **L 925 852** ná:

17 méadar ☐

21 méadar ☐

33 méadar ☐

12 méadar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 17. TAGAIRTÍ EANGAÍ

Féach ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.

An cineál foraoiseachta a thaispeántar ag an tagairt eangaí **L 98 81** ná:


Fáschoill bhuaircíneach ☐

Coillearnach dhuillsilteach ☐

Coillearnach mheasctha ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**18.** **DAONRA**



Curtha in oiriúint ón CSO

Taispeánann an phirimid daonra thuas struchtúr an daonra i gceantar amháin i nDaonáireamh 2011.

An céatadán iomlán fireannach **agus** baineannach idir 25 agus 29 bliana d'aois ná:

10% ☐

2% ☐

6% ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**19.** **LONNAÍOCHT**

Is féidir rangú a dhéanamh ar lonnaíochtaí de réir a bhfeidhm. An **phríomhfheidhm** atá leis an lonnaíocht a thaispeántar san fhótagraf seo ná:




Cosaint ☐


Reiligiún ☐

Calafort ☐

Acmhainn ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 20. ÉAGOTHROIME GHEILLEAGRACH




Curtha in oiriúint ó www.fairtrade.ie

Taispeánann an léaráid thuas an meán-mhiondealú de réir céatadáin (%) ar luach banana a ndéantar é a iompórtáil go hÉirinn.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás chun a chur in iúl cé acu atá gach ceann de na ráitis a leanas **FÍOR** nó **BRÉAGACH**.

| RÁITEAS | FÍOR | BRÉAGACH |
|---|---|---|
| Tuilleann miondíoltóirí (ollmhargaí) an méid is lú ó gach banana a ndéantar é a iompórtáil go hÉirinn. | | |
| Faigheann oibrithe 12% ó gach banana a ndéantar é a iompórtáil go hÉirinn. | | |
| FAIRTRADE Cuireann an Líonra Cóirthrádála béim ar phraghas cothrom do tháirgeoirí (feirmeoirí) bananaí agus barra margaidh eile. | | |

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán

# Leathanach Bán